NUACHTLITIR

MEITHEAMH 2009

COISTE CÚRAM LEANAÍ CHONTAE & CHATHAIR NA GAILLIMHE

AONAD 9B,
IONAD MIONDÍOLA LIOSBÁN,
BÓTHAR THUAMA, GAILLIMH
TEIL/FAICS: 091 752039/735701
R-PHOST: MAIL@GALWAYCHILDCARE.COM
WWW.GALWAYCHILDCARE.COM

An Scéim Chúram agus Oideachas Luath-Óige [ECCE]

Mar chuid den bhuiséad i Mí Aibreáin 2009, d'fhógair an Rialtas scéim nua chun Bliain Réamhscoile saor in aisce a sholáthar sa Scéim Chúram agus Oideachas Luath-Óige [ECCE].

Tá Oícheanta Eolais á dtionól ag Coiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe (CCLCCG) ag na cruinnithe líonra i Mí an Mheithimh (féach thíos le haghaidh dátaí agus amanna) chun mionsonraí na scéime ECCE a mhíniú do sholáthróirí áitiúla. Seoladh pacaí eolais chomh maith ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OMCYA) ag deireadh mhí Bealtaine.

Is féidir le seirbhísí rannpháirtíocht a bheith acu sa scéim ar bhonn líon áirithe roghanna, ó leanaí a fhaigheann trí uair an chloig saor in aisce sa lá go leanaí a a bhfuil cúram lánaimseartha a fháil acu a gheobhaidh 2 uair an chloig agus 15 nóiméad sa lá saor in aisce. Tá sé ceadmhach do sheirbhísí atá rannpháirteach sa scéim táille a ghearradh ar thuismitheoirí le haghaidh breiseanna roghnacha ach, i ngach uile cás, ní mór do na seirbhísí atá rannpháirteach an soláthar ábhartha reámhscoile a oibriú saor in aisce do thuismitheoirí.

Cé go bhféadfaí go leasófaí cuid de mhionsonraí na Scéime i rith na seachtainí atá díreach amach romhainn, is iad seo a leanas roinnt de na téarmaí agus coinníollacha a bhainfidh le seirbhísí réamhscolaíochta gur mian leo a bheith rannpháirteach i mBliain Reámhscoile Saor in Aisce na scéime ECCE:

- Ní mór do na seirbhísí iad féin a chur in iúl don FSS mar sheirbhís réamhscoile agus ní mór dóibh leibhéal sásúil comhlíontachta a bheith acu maidir leis na Rialúcháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh.2) 2006.
- Go hiondúil beidh se riachtanach do sheirbhísí íosmhéid d'ochtar a bheith ar na rollaí acu ina mbliain réamhscoile, ach beidh roinnt eisceachtaí. Ní mór do chúramóirí leanaí atá curtha in iúl íosmhéid de 5 leanbh réamhscoile a bheith ar na rollaí acu.
- Ní mór do sheirbhísí a bheith ag trádáil mar thrádálaí aonair, mar chomhpháirtíocht nó mar chuideachta teoranta ó thaobh fiachais agus ní mór dóibh Deimhniú Imréiteach Cánach cothrom le dáta a sholáthar.
- Ní mór do sheirbhísí comhaontú go gcuirfidh siad clár oiriúnach oideachais ar fáil do leanaí ina mbliain réamhscoile a chlíonn le prionsabail Síolta, an creat náisiúnta cúraim agus oideachais sna luathbhlianta. Tabharfar tacaíocht do sheirbhísí chun an riachtanas sin a shásamh le cabhair ó chomhordaitheoirí Síolta, a gheobhaidh maoiniú leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus ó CCLCCG. Soláthrófar an clár seo i nGaeilge i bpobail Ghaeltachta.
- Ba chóir go mbeadh cáilíocht Cúram agus Oideachas Leanaí Luath-Óige go leibhéal 5 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag Cinnire na bliana réamhscoile.

Beidh CCLCCG ag súil le hiarratais ó sheirbhísí roimh an 10ú Iúil 2009. Beidh an OMCYA i dteagmháil le hiarratasóirí maidir le socruithe conartha agus táthar ag súil go mbeidh na hiarratais ar fad curtha i gcríoch roimh dheireadh Mheán Fómhair 2009. Tá súil ag CCLCCG na sonraí maidir le seirbhísí rannpháirteacha a bheith acu go luath i Mí Dheireadh Fómhair 2009 agus cuirfear pointe teagmhála ar fáil do thuismitheoirí gur mian leo eolas a fháil maidir le rollú. Is féidir le tuismitheoirí ansin teagmháil a dhéanamh le seirbhísí ina gceantair féin chun áit ar rolla a chinntiú.

'Bus Spraoi' - Lainseáil Bhus Súgartha Soghluaiste i gConamara le haghaidh 'Lá na bPáistí san Iarthar'

Lainseáladh Bus nua Súgartha Soghluaiste Chonamara nó 'An Bus Spraoi Mór Dearg' i Mí Aibreán ag 'Lá na bPáistí san Iarthar'. Bhí an ghrian ag taitneamh ar an líon mór tuismitheoirí agus leanaí a tháinig amach chun spraoi a bhaint as tóraíocht ubh Cásca, aghaidhphéinteáil, balúin, bronntanais saor in aisce, bualadh le Coinín na Cásca agus comhrá le Máire Treasa Ní Dhubhghaill, a ghearr an ribín agus a sheol an Bus Spraoi go hoifigiúil.

Seirbhís a chuireann Coiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe ar fáil i gcomhpháirt le FSS an Iarthair is ea an Bus Spraoi agus cuireann sé clár Oideachas agus Chúram Luath-Óige ar fáil do leanaí agus dá dtuismitheoirí. Tá dhá bhus i gceist, a fhreastalaíonn ar réimse pobal agus teaghlach i gContae agus Cathair na Gaillimhe nach bhfuil teacht acu cheana féin ar sheirbhísí cúram leanaí.

Seirbhísí rannpháirtíochta is ea na seirbhísí Bus Spraoi, ina mbíonn na leanaí agus na tuismitheoirí páirteach i bpleanáil agus i soláthar na seirbhísí. Faigheann na tuismitheoirí an deis bualadh lena chéile, líonraí a dhéanamh nó oiliúint a fháil ar an mBus Spraoi agus a gcuid páistí ag freastal ar an tseirbhís chúram leanaí.

CRUINNITHE LÍONRA MÍ MEITHEAMH

Reáchtálfar Toghchán Fhóram na Soláthróirí ag cruinnithe líonra Mí Meitheamh. Tá seisear comhalta ar an bhFóram atá ina comhlacht ionadaíoch do sholáthróirí cúram leanaí. Roghnaítear triúr acusan mar chomhaltaí ar Bhord Choiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Feidhmíonn an Fóram mar ardán chun malartú tuairimí agus ceisteanna a sholáthar idir Sholáthróirí Cúram Leanaí agus Bord an CCLCCG. Bí cinnte agus freastal ar do chruinniú áitiúil líonra más mian leat do thuairim a chur in iúl sna toghcháin.

Pléifear faisnéis maidir leis an mBliain Réamhscoile Saor in Aisce/an Scéim Chúram agus Oideachas Luath-Óige [ECCE] ag cruinniú na míosa seo agus tabharfar faisnéis cothrom le dáta maidir le hoiliúint do gach éinne a fhreastalaíonn.

Tionólfar na cruinnithe mar seo a leanas :

CEANTAR	IONAD	DÁTA	AM
An Chathair	Óstán Menlo Park	Dé Céadaoin, 3 Meitheamh	8pm
Oirthear an Chontae	Óstán & Spa Loughrea	Dé Céadaoin, 10 Meitheamh	8pm
Iarthar an Chontae	Óstán Station House, An Clochán	Déardaoin,11 Meitheamh	7.30pm
Oirthear an Chontae	Óstán Ard Ri House, Tuaim	Dé Céadaoin, 17 Meitheamh	8pm

Láithreán Gréasáin agus Bunachar Sonraí - seoltaí r-phoist de dhíth!

Faoi láthair tá a láithreán gréasáin á dhéanamh cothromlle dáta ag CCLCCG chun bunachar sonraí inchuartaithe de sholáthróirí cúram leanaí a sholáthar. Muna bhfuil sé déanta agat cheana féin, táimid ag iarraidh ar sholáthróirí cúram leanaí seoladh ríomhphoist agus uimhir teileafóin póca a thabhairt dúinn.

Tá ráta speisialta á thairiscint freisin ag CCLCCG do sholáthróirí cúram leanaí chun bhur láithreán féin a bhunú, gur féidir é a nascadh le bunachar sonraí láithreán gréasáin CCLCCG ionas go mbeidh sé ar chumas tuismitheoirí atá a bhfuil cúram leanaí á lorg acu go simplí cliceáil ar bhur láithreán chun brabhsáil a dhéanamh le haghaidh tuilleadh eolais.

Chun breis eolais a fháil déan teagmháil le Colette/Fionnuala.

SEIRBHÍSÍ NUA

Muirbheach

Is é The Little Acorn - Crèche Pobail Muirbheach - an chéad crèche pobail a chuireann cúram lae iomlán ar fáil i gCathair na Gaillimhe. D'oscail an t-Aire Éamonn Ó Cuív an crèche ar an 28 Márta 2009. Cuireadh níos mó ná 1 milliún ar fáil mar mhaoiniúchán ón gClár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí.

An Spidéal

D'oscail Frank Fahy, TD., Ionad Chúraim Leanaí Bogha Ceatha go hoifigiúil ar an 14 Márta 2009. Cuireadh maoiniú de 1.72 milliún ar fáil.

Seirbhís Chúram Leanaí an Chreagáin

Sheol an t-Aire Barry Andrews an tseirbhís nua ar an gCreagán go hoifigiúil.

Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe,Aonad 9B, Ionad Miondíola Liosbán, Bóthar Thuama, Gaillimh
Teil/Faics: 091 752039/735701 r-phost: mail@galwaychildcare.com www.galwaychildcare.com

CRUINNITHE LÍONRA MÍ MEITHEAMH

Reáchtálfar Toghchán Fhóram na Soláthróirí ag cruinnithe líonra Mí Meitheamh. Tá seisear comhalta ar an bhFóram atá ina comhlacht ionadaíoch do sholáthróirí cúram leanaí. Roghnaítear triúr acusan mar chomhaltaí ar Bhord Choiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Feidhmíonn an Fóram mar ardán chun malartú tuairimí agus ceisteanna a sholáthar idir Sholáthróirí Cúram Leanaí agus Bord an CCLCCG. Bí cinnte agus freastal ar do chruinniú áitiúil líonra más mian leat do thuairim a chur in iúl sna toghcháin.

Pléifear faisnéis maidir leis an mBliain Réamhscoile Saor in Aisce/an Scéim Chúram agus Oideachas Luath-Óige [ECCE] ag cruinniú na míosa seo agus tabharfar faisnéis cothrom le dáta maidir le hoiliúint do gach éinne a fhreastalaíonn.

Tionólfar na cruinnithe mar seo a leanas :

CEANTAR	IONAD	DÁTA	AM
An Chathair	Óstán Menlo Park	Dé Céadaoin, 3 Meitheamh	8pm
Oirthear an Chontae	Óstán & Spa Loughrea	Dé Céadaoin, 10 Meitheamh	8pm
Iarthar an Chontae	Óstán Station House, An Clochán	Déardaoin,11 Meitheamh	7.30pm
Oirthear an Chontae	Óstán Ard Ri House, Tuaim	Dé Céadaoin, 17 Meitheamh	8pm

Láithreán Gréasáin agus Bunachar Sonraí - seoltaí r-phoist de dhíth!

Faoi láthair tá a láithreán gréasáin á dhéanamh cothromlle dáta ag CCLCCG chun bunachar sonraí inchuartaithe de sholáthróirí cúram leanaí a sholáthar. Muna bhfuil sé déanta agat cheana féin, táimid ag iarraidh ar sholáthróirí cúram leanaí seoladh ríomhphoist agus uimhir teileafóin póca a thabhairt dúinn.

Tá ráta speisialta á thairiscint freisin ag CCLCCG do sholáthróirí cúram leanaí chun bhur láithreán féin a bhunú, gur féidir é a nascadh le bunachar sonraí láithreán gréasáin CCLCCG ionas go mbeidh sé ar chumas tuismitheoirí atá a bhfuil cúram leanaí á lorg acu go simplí cliceáil ar bhur láithreán chun brabhsáil a dhéanamh le haghaidh tuilleadh eolais.

Chun breis eolais a fháil déan teagmháil le Colette/Fionnuala.

SEIRBHÍSÍ NUA

Muirbheach

Is é The Little Acorn - Crèche Pobail Muirbheach - an chéad crèche pobail a chuireann cúram lae iomlán ar fáil i gCathair na Gaillimhe. D'oscail an t-Aire Éamonn Ó Cuív an crèche ar an 28 Márta 2009. Cuireadh níos mó ná 1 milliún ar fáil mar mhaoiniúchán ón gClár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí.

An Spidéal

D'oscail Frank Fahy, TD., Ionad Chúraim Leanaí Bogha Ceatha go hoifigiúil ar an 14 Márta 2009. Cuireadh maoiniú de 1.72 milliún ar fáil.

Seirbhís Chúram Leanaí an Chreagáin

Sheol an t-Aire Barry Andrews an tseirbhís nua ar an gCreagán go hoifigiúil.

Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe,Aonad 9B, Ionad Miondíola Liosbán, Bóthar Thuama, Gaillimh
Teil/Faics: 091 752039/735701 r-phost: mail@galwaychildcare.com www.galwaychildcare.com

CUAIRTEANNA COMHLÍONTACHTA CHUIG SEIRBHÍSÍ A FHAIGHEANN FÓIRDHEONTAIS

Tá sé beartaithe ag Pobal Cuairteanna Comhlíontachta a thabhairt ar le linn 2009 ar na seirbhísí ar fad atá rannpháirteach sa Scéim Fóirdheontais do Chúram Leanaí Pobail (CCSS). Beidh siad ag cinntiú go bhfuil an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm mar a comhaontaíodh leis an OMCYA.

1. Go bhfuil Beartais Íocaíocht Táillí á gcur i bhfeidhm
2. Go bhfuil réimse iomlán seirbhísí á soláthar de réir na faisnéise a cuireadh faoi bhráid an OMCYA sna Torthaí Seirbhíse.
3. Gur comhlíonadh na riachtanais maidir le poiblíocht
4. Go bhfuil cóip de Thorthaí na Seirbhíse curtha ar fáil
5. Go bhfuil ainmneacha tuismitheoirí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a bhaineann le Banda Fóirdheontais A,B,C,D curtha ar fáil.

Nuair a fhaigheann sibh fógra faoi do Chuairt Comhlíontachta, bí cinnte agus teagmhail a dhéanamh le bhur n-Oifigeach Forbartha CCLCCG chun cabhair a fháil:

Fionnuala Foley, Oifigeach Forbartha na Cathrach

Memie Uí Chualáin, Oifigeach Forbartha Iarthar na Gaillimhe

Lucy Crawford, Oifigeach Forbartha Oirthear na Gaillimhe

Padraig Kelly, Oifigeach Forbartha Oirthear na Gaillimhe

DÁTAÍ DIALAINNE

COMHDHÁIL BHLIANTÚIL

Bí cinnte agus an Satharn, 28 Samhain a choimeád saor chun freastal ar an seachtú chomhdháil bhliantúil de chuid CCLCCG ag Óstán Salthill. Díreoidh comhdháil na bliana seo ar thuismitheoirí agus soláthróirí a chur ar an eolas maidir leis an scéim nua ECCE. Ina theannta sin, cloisfimid ón Dochtúir John Sharry, a scríobhann colún a bhfuil an-mheas air san Evening Herald agus atá ina Shíciteiripeóir Leanaí agus Teaghlaigh ag Ospidéal an Mater. Is comh-fhorbróir é chomh maith ar na cúrsaí físbhunaithe tuismitheoireachta 'Parents Plus' a bhfuil gradaim bainte amach acu.

SEIMINEÁR DO CHÚRAMÓIRÍ LEANAÍ

Reáchtálfar ceardlainn agus léacht le Mary Daly ón gComhairle Náisiúnta do Chreat Curaclaim agus Measúnú ar Luathfhoghlaim le haghaidh Cúramóirí Leanaí ag Óstán Clayton, Baile an Bhriotaigh ar an 13 Meitheamh, 2009 ó 9.15 AM go 3.00 PM.

AG COINNEÁIL LEANAÍ SLÁN

Tá leabhrán nua 'Ag Coinneáil Leanaí Slán' curtha ar fáil ag Coiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirt le FSS an Iarthair. Tá treoirlínte agus faisnéis do thuismitheoirí agus do chúramóirí sa leabhrán i dtaobh conas seirbhísí agus gníomhaíochtaí a roghnú atá sábháilte do leanaí.

"IN THE PICTURE"- tionscadal leabhair uileghabhálach do pháistí

Tá íomhánna dearfacha de dhaoine faoi mhíchumas - agus de dhaoine ó ghrúpaí eisiata eile - sa bhailiúchán leabhar pictiúir do pháistí seo a roghnaíodh go speisialta mar chuid de thionscadal comhoibritheach ó gach taobh den tír. Tá 'In The Picture', leabhrán 12 leathanach ina bhfuil sár-léaráidí agus a seoladh i Mí Eanáir, ar fáil ó oifigí CCLCCG. Taitneoidh na leabhair a roghnaíodh le leanaí óga agus le agus le leanaí atá níos sine, agus lena dteaghlaigh.

Maoinaithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbatha Náisiúta, 2007-2013

NDP Athrú Mór ar Éirinn

Office of the Minister for Children and Youth Affairs

pobal government supporting communities

Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe,Aonad 9B, Ionad Miondíola Liosbán, Bóthar Thuama, Gaillimh
Teil/Faics: 091 752039/735701 r-phost: mail@galwaychildcare.com www.galwaychildcare.com